

Dlí an Chonartha

Is éard atá i gceist le **conradh**, **comhaontú** idir **pearsain** (daoine agus/nó **comhlachtaí**) a bhfuil na cúirteanna sásta a chur **i bhfeidhm**. Ní gá do **na téarmaí** agus **na coinníollacha** a bheith **i bhfoirm scríofa** de ghnáth, ar ndóigh, ach is mór an chabhair é **mar fhianaise** má chaithfear **dul chun na cúirte**.

Rialaíonn **Reacht na gCalaois** (Éire), 1695, na conarthaí nach foláir cuntas ar na téarmaí agus na coinníollacha iontu a bheith i bhfoirm scríofa. Orthu sin tá, conarthaí chun **leas** i dtalamh a dhíol; conarthaí nach bhfuil le **comhlíonadh** laistigh de 12 mí ó dháta an chomhaontaithe; srl.

Rialaíonn **prionsabail** dlí an chonartha. Scrúdaímid an chuid **is tábhachtaí** de na prionsabail sin thíos:-

Comhaontú:-

Is é an comhaontú bunús an chonartha. **Ní foláir** do na páirtithe a bheith *ad idem*.

Déanann páirtí amháin **tairiscint** agus glacann an páirtí eile leis an **tairiscint** sin. Ní foláir don **glacadh** sin a bheith **neamhchoinníollach**: **ar aon dul glan** leis an tairiscint. Mura bhfuil is **fritairiscint** é seachas glacadh, fritairiscint ar féidir leis an bpáirtí eile glacadh léi nó diúltú di:-

A: Tabharfaidh mé €100 duit ar an gcóta sin. (tairiscint)

B: Glacfaidh mé le €120. (fritairiscint)

A: €120 mar sin. (glacadh)

I gcás cóta nó leabhar a bheith **ar taispeánt** i siopa agus **praghas** air, b'in tairiscint?

Ní hea. Is éard atá ansin, **cuireadh gnóthaíochta**: cuireadh don chustaiméir tairiscint a dhéanamh an **earra** a cheannach ar an bpraghas **fógraithe**, ach ní chaithfidh an **siopadóir** glacadh leis an tairiscint sin. Is **cosaint** é don siopadóir ar eagla an praghas mícheart a bheith scríofa ar earra trí dhearmad, m.sh.

Ní féidir ach leis an té a ndéantar an tairiscint dó glacadh léi. Sin ráite, is féidir tairiscint a dhéanamh don **saol mór** le **fógra** (*Carlill v. Carbolic Smokeball Co.*) agus is féidir tairiscint a **aistharraingt** am ar bith sara nglactar léi.

Comaoin:-

Is í **an chomaoín** an praghas a íoctar as an gcomhaontú. Seachas **conarthaí faoi shéala** ní conradh go comaoín.

Sa chomhrá thuas mar ar aontaigh A go gceannódh sé cóta ó B ar €120, is é an €120 an chomaoín. Ní gá é a thabhairt **ar láimh** chomh luath is a dhéantar an comhaontú, fhad is go bhfuil sé le tabhairt ar láimh.

Ní hamháin sin, ach is féidir le comaoín a bheith i bhfoirmeacha eile: **gníomh** a dhéanfar, nó nach ndéanfar: **socraítear** cásanna sibhialta gach lá den tseachtain ar na **gcóinníoll** (comaoín) nach leanfaidh an **gearánaí** ar aghaidh leis an **gcaingean**.

Ní féidir, áfach brath ar airgead nó **maoin** a tugadh ar láimh cheana féin nó ar ghníomh a rinneadh nó nach ndearnadh cheana féin: **Ní comaoín ar bith í comaoín chaite**.

Ní mór don chomaoín gluaiseacht ón té atá ag iarraidh brath ar an gconradh.

Urbhac gealltanais:-

A: Tabharfaidh mé €200 duit an rothar sin. (tairiscint)

B: Tá go maith. (glacadh).

Sin conradh **ceangailteach**: **comhaontú** (tairiscint agus glacadh) agus **comaoín** €200 ó A agus an rothar ó B.

Tugann B an rothar do A. Ar ball, lorgaíonn B €200 ó A.

A: Níl €200 agam. An nglacfa le €150?

B: Ghlacfainn.

Tugann A an €150 do B.

Ceist: Má thagann B ag lorg an €50 eile ó A i gceann sé mhí **an ndlitear dó** é a fháil?

Freagra: **Dlitear**. Tá an sean-chonradh fós i bhfeidhm. Níor tháinig aon chonradh nua ina áit. Bhí comhaontú nua ann ach ní raibh an comaoin nua ann. Ní raibh sa €150 ach cuid den €200 a bhí i gceist sa seanchonradh.

Comhaontú agus Sásamh:-

A: Tabharfaidh mé €200 duit an rothar sin. (tairiscint)

B: Tá go maith. (glacadh).

Tugann B an rothar do A. Ar ball, lorgaíonn B €200 ó A.

A: Níl €200 agam. An nglacfa le €150 agus buidéal fiona?

B: Ghlacfaínn.

Tugann A an €150 agus an buidéal fiona do B.

-Anois, má thagann B ag lorg an €50 eile ó A i gceann sé mhí **an ndlitear dó** é a fháil?

-**Ní dhlitear**. Tháinig conradh nua in áit an tsean-chonartha. Bhí comhaontú nua ann agus comaoin nua: an buidéal fiona. Tugtar **sásamh** ar an gcomaoin nua: cuireann **comhaontú agus sásamh** conradh nua in áit sean-chonartha.

Cad faoin Urbhac gealltanais?

Ba **riail fianaise** é an t-urbhac i dtús ama. Níor cheadaigh sé don pháirtí a rinne **gealltanais** an **fíoras** sin a **shéanadh** ná **dul siar air**.

A: Tabharfaidh mé €200 duit an rothar sin. (tairiscint)

B: Tá go maith. (glacadh).

Tugann B an rothar do A. Ar ball, lorgaíonn B €200 ó A.

A: Níl €200 agam. An nglacfa le €150?

B: Ghlacfaínn.

Tugann A an €150 do B. Tagann B ag lorg an €50 eile ó A. Diúltaíonn A. Téann B **chun dlí** ag lorg **sainchomhlíonadh (leigheas cothromasach)**.

Más féidir le A a **chur ina luí ar** an gcúirt go raibh sé d'**intinn** ag B go mbeadh an gealltanais sin **ceangailteach** air agus gur **bhraith sé** (A) **ar** an ngealltanais sin, ní ligfear do B an sean-chonradh, atá ann i gcónaí, a chur i bhfeidhm toisc nach mbeadh sé sin **cothromasach**. Sa chás sin déarfai go raibh **urbhac ar** B an €50 eile a lorg ó A. Baineann an t-urbhac le **cothromas**.

Intinn caidrimh dhlíthiúla a bhunú:-

De ghnáth, **glacann an dlí leis** nach mbíonn an **intinn** ann caidrimh dhlíthiúla a bhunú má tá **gaol** ar leith idir na páirtithe: **gaol fola**, **gaol pósta**, **gaol iontaobhais**, srl. Glacann an dlí leis go mbíonn an intinn ann caidrimh dhlíthiúla a bhunú mura bhfuil gaol ar leith idir na páirtithe.

Níl anseo ach dhá **thoimhde**. Is féidir toimhde a **fhrithnéis** le **fianaise**.

Inniúlacht Chonraithe:-

Chun bheith **inniúil ar** conradh a dhéanamh **ní mór** a bheith *sui iuris* agus *compos mentis*: Ní féidir conradh a chur i **bhfeidhm i gcoinne** daoine nach bhfuil os cionn 18 bliana nó nach bhfuil **ina mheabhair ceart**.

Maidir le **mionaoiseach** (duine faoi 18 bliana d'aois), áfach, tá eisceacht ann. Dlitear don díoltar praghas **reasúnach** ar earraí nó seirbhísí **riachtanacha**.

Maidir le duine nach bhfuil ina mheabhair ceart de dheasca **éagumais** nó fiú **rómheisce**, ní féidir conradh a chur i bhfeidhm ina choinne, fhad is gur léir é a bheith *non compos mentis* an uair a rinneadh an conradh.

Ionpháirtíocht i gConradh (*privity of contract*):-

Is **foirceadal** (*doctrine*) é seo a deir nach féidir ach leis **na páirtithe** a rinne an conradh brath ar an gconradh nó iarradh ar an gcúirt é a chur i bhfeidhm. m.sh. déanann A agus B conradh go ndeiseoidh B gluaisrothar C ar €400. Tugann A an €400 ar láimh do B ach teipeann ar B an gluaisrothar a dheisiú. Ní féidir le C **an dlí a chur ar** B as an **mbriseadh conartha** mar nach bhfuil sé **ionpháirteach** sa chonradh. Ní páirtí den chonradh sin é. Is faoi A atá sé B a thabhairt chun cúirte.

Téarmaí agus Coinníollacha:-

Tá dhá shaghas **téarma** nó **coinníoll** ann: iad atá **sainráite** agus iad atá **intuigthe**.

Is éard atá sna **téarmaí sainráite**, iadsan ar aontaigh na páirtithe orthu, bídis i bhfoirm **scríofa** nó **ó bhéal**. Má tá na téarmaí agus na coinníollacha i bhfoirm scríofa agus iad sínithe ag páirtí, tá na téarmaí agus na coinníollacha **ceangailteach** ar an bpáirtí sin fhad is a bhí an **deis** acu na téarmaí sin a scrúdú sara ndearnadh an conradh.

Tá coinníollacha áirithe nach mór **aird** páirtí a dhíriú orthu tráth déanta an chonartha sara féidir iad a chur i bhfeidhm, m.sh. **clásal eadrána** (*arbitration clause*), **clásal díolúine** (*exemption clause*) nó **clásal eisiata** (*exclusion clause*).

Tá an **foirceadal** (*doctrine*) maidir le **saoirse conartha** bunaithe ar an **tuiscint** go bhfuil na páirtithe **ar comhchéim** agus iad i mbun **idirbheartaíochta** agus saoirse acu dá réir a rogha téarmaí a aontú.

Maolaítear an foirceadal sin le foirceadal eile, áfach: *contra proferentem*. Má tá an dá léamh ar chlásal conartha, **forléirítear** an **clásal** sin i gcoinne an té a cheap é.

Téarmaí intuigthe:

Is í **teist an éisteora éifeachtúil** a úsáidtear chun téarma intuigthe **líomhnaithe** a mheas. Cuir i gcás go raibh dhá pháirtí ag plé téarmaí conartha agus **duine éifeachtúil** ag éisteacht. Is **téarma intuigthe** téarma nach luaitear, nach bpléitear agus nach n-aontaítear ach dá luaifeadh an t-**éisteoir éifeachtúil** ag an am an amhlaidh gur téarma den conradh é go ndéarfadh an dá pháirtí gurbh ea.

Téarmaí intuigthe ó **reachtaíocht** agus ón **dlí coiteann**:-

Is mó conradh a léitear téarmaí breise isteach ann **de bhun reachtaíochta** nó an dlí choiteann. **Forchuireann** na hAchtanna um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1893-1980 téarmaí agus coinníollacha go leor, go mbeidh na hearraí i **de mhianach inmhargaidh** m.sh. (**alt 14**).

Is mó téarma agus coinníoll a léitear isteach i gconarthaí **fostaíochta**. Faoin dlí coiteann tá dualgas ar an bh**foistóir** ionad sábháilte oibre, córas sábháilte oibre, fearas sábháilte oibre agus foireann oibre shábháilte a chinntiú don bh**fostaí**. Anuas air sin, forchuireann achtanna mar an **tAcht um Dífhostú Éagórach**, srl. tuilleadh téarmaí agus coinníollacha fós isteach **sa chonradh fostaíochta**.

Factóirí neamhnithe (*voiding factors*):-

- a) **Earráid** (*mistake*): Is féidir le h-earráid **toiliú** a chealú. Ní féidir brath ar earráid tuisceana de do chuid féin nó do mhíthuiscint faoin dlí chun conradh a sheachaint.
- b) **Mífhaisnéis**: Seo ráiteas nó **iompraíocht** a thugann rud éigin bréagach le fios.
- c) **Éigeantas** (*duress*): Tá conradh a dhéantar faoi éigeantas **in-neamhnithe** ar rogha an té ar imríodh an t-**éigeantas** air. Is éard atá i gceist le héigeantas, **foréigean fisiciúil iarbhir** (*actual*) nó **bagairt** go ndéanfar é nó **príosúnú neamhdhleathach** nó **bagairt imeachtaí coiriúla**. Ní gá go ndéanfaí an t-**éigeantas** ar an bpáirtí den chonradh, féadfar é a imirt ar **chéile**, nó ar ghaol leis, m.sh.
- d) **Tionchar míchuí**: Tá conradh a dhéantar faoi thionchar míchuí **in-neamhnithe** ar rogha an té ar imríodh an tionchar míchuí air. Is féidir, áfach, **iompraíocht** an té sin tráth a bhfuil deireadh leis an tionchar míchuí a léamh **mar dhaingniú** an chonartha.

Tá **toimhde** ann go bhfuil tionchar míchuí i gceist i cás **idirbheart** idir tuismitheoir agus páiste, **aturnae** agus **cliant**, **iontaobhaí** agus **tairbhí**, **caomhnóir** agus **coimircí**, dochtúir agus **othar** ach ní idir fear céile agus bean chéile.

Is féidir toimhde a fhrisnéis le fianaise: m.sh go cuireadh **comhairle dlí neamhspleách** ar an té i gceist.

- e) **Neamhdhleathacht**: Ní chuirfidh na cúirteanna conarthaí neamhdhleathacha i bhfeidhm ná ní aithneoidh siad a **mbailíocht**, m.sh. conradh chun drugaí a dhíol agus a cheannach.

Foirceannadh conartha trí:-

- a) **Comhlíonadh**: Tagann deireadh le conradh nuair a chomhlíontar é.
- b) **Comhaontú**: Is féidir deireadh a chur le conradh le comhaontú na bpáirtithe. B'fhearr an comhaontú seo a cheannach le **sásamh**.

- c) **Briseadh conartha:** Má sháraítear conradh, tagann deireadh leis agus níl sé ceangailteach ar na páirtithe níos mó. Ainneoin sin, is féidir dul chun dlí as an sárú ag éileamh damáistí nó fiú go sainchomhlíonfaí é.
- d) **Dírathú (*frustration*) conartha:** Ní gá an conradh a chomhlíonadh mura bhfuil sé **indéanta** é sin a dhéanamh. **Foircheanntar an conradh ón eachtra dírathaithe** i leith. Is gné chasta den dlí é seo agus baineann go leor eisceachtaí léi.

Leighis ar bhriseadh conartha:-

- a) **Cúlú:** Seo leigheas cothromasach. Is í an aidhm atá aige na páirtithe a chur sa **riocht** ina raibh siad roimh an gconradh. Ní dheonaítear é ach i gcásanna inar tharla **sárú tromaí**, m.sh. dá ndíolfaí earraí le **bunlochtanna**.
- b) **Damáistí:** airgead a bhaint den té a bhris an conradh. Is í an aidhm atá leo na páirtithe a chur sa riocht ina mbeidís dá gcomhlíonfaí an conradh. Anuas air sin is féidir **damáistí pionósacha, damáistí forthromaithe** nó **damáistí eiseamláireacha** a lorg i gcoinne an té a bhris an conradh.
- c) **Sainchomhlíonadh:** Seo leigheas cothromasach eile. Níl sé ar fáil ach murar leor damáistí mar leigheas: **tíolacadh talún** áirithe nó léas ar **áitreabh** áirithe nó **áirnéis** luachmhar áirithe a dhíol.

Cuireann an t-ordú cúirte iallach ar an bpáirtí a bhris an conradh a chuid **dualgas** faoin gconradh a chomhlíonadh. Go traidisiúnta, ní dheonófar é más **dualgas leanúnach** é a gcaithfeadh an chúirt **póilíneacht** a dhéanamh air, m.sh. **conradh tógála** nó má bhaineann sé le **fostaíocht**.

Gníomhaireacht:-

Fostaíonn an **príomhaí** an **gníomhaire** chun conarthaí a dhéanamh thar a cheann le páirtí nó le páirtithe eile. A luaithe is a dhéantar an conradh tagann deireadh le feidhm an ghníomhaire agus is é an príomhaí féin amháin a bhíonn ina pháirtí den chonradh agus de **imeachtaí cúirte** más ann dóibh.